



## **Bileog eolais CPE d'othair**

### **Cad is CPE ann?**

Frídí (baictéir) a mhaireann sa phutóg is ea CPE.

Tá frithsheasmhacht ag CPE in aghaidh a lán antaibheathach. Ciallaíonn sé sin go mbíonn sé níos deacra iad a mharú le hantaibheathaigh ná frídí coitianta eile a mhaireann sa phutóg. Amanna, tugtar 'tarbhfrídí' ar na frídí sin atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach. Tá CPE cosúil le tarbhfrídí eile ar a dtugtar ESBL. Is é an difríocht ná go bhfuil CPE níos frithsheasmhaí fós in aghaidh antaibheathach ná ESBLanna.

I gcás fhormhór na ndaoine formhór an ama, maireann CPE sa phutóg gan aon ionfhabhtú a dhéanamh. Amanna, áfach, is féidir leo dul isteach sa lamhnán agus ionfhabhtú lamhnáin (cistéas) nó ionfhabhtú duán a dhéanamh, fiú amháin i ndaoine atá i ndea-shláinte i gcoitinne.

Is féidir le CPE ionfhabhtú an-tromchúiseach a dhéanamh i gcuid de na hothair – mar shampla, nuair a bhíonn gá acu le dianchúram nó nuair a bhíonn siad ag fáil ceimiteiripe. Má fhaigheann tú ionfhabhtú CPE is féidir cóireáil a chur air le hantaibheathaigh speisialta, ach ní oibreoidh formhór na n-antaibheathach coitianta. Má fhaigheann tú ionfhabhtú tromchúiseach le CPE, caithfear na dochtúirí a chur ar an eolas a luaithe agus is féidir ionas go bhfaighidh tú na hantaibheathaigh chearta a luaithe agus is féidir.

### **Conas a tholgfaidh mé CPE?**

Tarbhfrídí nua go maith is ea CPE agus is trí ospidéal ghéarmhíochaine is mó a scaiptear é. B'fhéidir go raibh sé i do phutóg le míonna nó le blianta fiú sula raibh tástáil agat a thaispeáin go raibh CPE agat. Sin mar gheall gur féidir leis an bhfríd CPE maireachtáil i do phutóg ar feadh i bhfad gan aon dochar a dhéanamh.

Cúig bliana ó shin, bhí CPE neamhchoitianta ach amháin i ndaoine a chaith a lán ama san ospidéal. Faoi láthair, faigheann suas le 500 duine CPE gach bliain.

### **Cad iad na siomptóim de CPE?**

Fad a fhanann CPE sa phutóg ní thagann aon tinneas astu. Ní tharraingíonn siad buinneach ná pianta boilg. Ach má theann an fhríd CPE isteach sa lamhnán, duan nó fuil, is féidir leis ionfhabhtú a tharraingt. Nuair a tharlaíonn sé sin is minic go bhfaighidh an duine teocht, pian agus crith fuachta



a airíonn mar a bheadh i gcás aon ionfhabhtú eile. Is é an t-aon difríocht ná má bhíonn gá agat le cóireáil nach n-oibreoidh na gnáth-antaibheathaigh. Tabharfaidh do dhochtúir antaibheathaigh speisialta duit chun cóireáil a chur ar an ionfhabhtú CPE.

### **Cén fhad a bheidh CPE agam?**

Is féidir leis an bhfríd CPE maireachtáil i do phutóg ar feadh míonna nó blianta fiú. Mura gcaithfidh tú antaibheathaigh a thógáil ar feadh i bhfad, méadóidh tú an seans go rachaidh sé i léig. Má chaitheann tú antaibheathaigh a thógáil go minic, tógfaidh sé níos faide ar an CPE dul i léig.

### **Conas is féidir stop a chur le scaipeadh CPE?**

An bealach is fearr le stop a chur le scaipeadh gach fríde agus víris ná imeall, lámh agus suíochán an leithris a choinneáil glan, agus na lámha a ghlanadh go maith tar éis dul chuig an leithreas, sula dtosóidh tú ag ithe agus tar éis a bheith i dteagmháil le feoil amh.

Má théann tú san ospidéal, tabharfaidh tú faoi deara go mbeidh an fhoireann iontach cúramach a lámha a ní tar éis cóir a chur ort. Amanna, beidh naprúin agus miotóga orthu. Lena chois sin, b'fhéidir go dtabharfaí seomra aonair duit más féidir. Tógtar na céimeanna sin chun cuidiú le laghdú a dhéanamh ar CPE san ospidéal. Tá sé tábhachtach a rá le ball foirne má tá a fhios agat go bhfuil CPE agat.

### **Cad a tharlóidh nuair a rachaidh mé abhaile?**

Níl ann ach baol an-bheag go ndéanfaidh CPE aon dochar mór do dhaoine a bhfuil an tsláinte réasúnta maith acu i gcoitinne. Ní gá duit aon rud a dhéanamh atá difriúil ó aon duine eile agus tú i mbun gnáthchúrsaí an tsaoil sa bhaile agus nó amuigh sa phobal. Is féidir éadaí, éadaí leapa agus soithigh a ní mar is gnách. Ach, ar aon dul le gach duine eile, molaimid duit a bheith cúramach faoi do lámha a ghlanadh go maith. Ba chóir do gach duine a lámha a ghlanadh sula dtosóidh siad ag ithe nó ag ullmhú bia. Tugann lámha glana cosaint duit féin agus do dhaoine eile ó bheith ag scaipeadh fhormhór na bhfríd, ní amháin CPE.

Má leanann tú dea-chleachtas sláinteachais i gcónaí, cuideoidh sé chun cosc a chur le scaipeadh baictéar agus víreas. Nuair a bheidh tú ag úsáid an leithris, tá sé iontach tábhachtach go bhfágfa an leithreas glan i do dhiaidh agus sa riocht inar mhaith leat é a fháil.



## **Breis eolais**

Ná bíodh drogall labhairt leis an bhfoireann cúram sláinte atá ag tabhairt aire duit má bhíonn aon cheist agat, nó má theastaíonn breis eolais uait faoi CPE. Tá eolas faoi shláinteachas lámh, rialú ionfhabhtaithe agus bainistiú tarbhfrídí sa bhaile le fáil ar [www.hse.ie/infectioncontrol](http://www.hse.ie/infectioncontrol)

**Tá an t-eolas seo faofa le n-úsáid ag clár náisiúnta um Fhrithsheasmhacht in Aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe an FSS.**

**Foilsithe: Eanáir 2019**